S.27T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2005

## TÍREOLAÍOCHT - GNÁTHLEIBHÉAL

## ROINN 2

**DÉ LUAIN, 13 MEITHEAMH - IARNÓIN, 1.30 go 3.30**

Tá **ROINN 1** den pháipéar seo ar fhillteán ar leithligh, mar a bhfuil spásanna le haghaidh do chuid freagraí.

**N.B. CUIMHNIGH LE DO THOIL GO GCAITHFEAR AN FILLTEÁN A THABHAIRT AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR.**

## ROINN 2 (90 MARC)

Freagair **<u>TRÍ</u>** cheist.

Gabhann na marcanna céanna le gach ceist.

**1. <u>AIBHNEACHA</u>**

**A. Tírghnéithe**

- Ainmnigh tírghné **AMHÁIN** atá foirmithe ag **creimeadh abhann.**
  Déan cur síos – le cabhair léaráidí – ar conas a foirmíodh an tirghné atá ainmnithe agat.

- Ainmnigh tirghné **AMHÁIN** atá foirmithe ag **sil-leagan abhann**.
  Déan cur síos – le cabhair léaráidí – ar conas a foirmíodh an tírghné atá ainmnithe agat.

[12]

**B.** Baineann daoine úsáid as aibhneacha le haghaidh a lán cuspóirí éagsúla.
Déan cur síos ar **THRÍ** shlí in a mbaineann daoine úsáid as aibhneacha.

[12]

**C.** Féadann aibhneacha fadhbanna a chruthú do dhaoine freisin.
Déan cur síos ar shampla **AMHÁIN** de seo.

[6]

**2. AERFÓTAGRAF**

Déan staidéar ar an Aerfótagraf den Mhuileann gCearr a thugtar leis an bpáipéar seo.

**[NOD:** Cuimhnigh gur **fótagraf sceabhach** é seo. Mar sin, ba chóir duit na téarmaí cearta a úsáid: m.sh. Cúlionad ar Clé, Réamhionad ar Dheis, 7rl].

**A.** Tarraing sracléarscáil den chuid den Mhuileann gCearr a thaispeántar san fhótagraf. **Marcáil** agus **ainmnigh** na gnéithe seo a leanas ar do sracléarscáil:

- **DHÁ** Eaglais
- Carrchlós
- Ceantar cónaithe (tithíocht)
- **DHÁ** bhóthar ag cónascadh
- Ceantar de Fhearann Páirce

[14]

**B.** Is baile mór gnóthach é An Muileann gCearr agus bíonn a lán tráchta ann.

(i) Tabhair **DHÁ** chúis ag míniú cén fáth a mbíonn plódú tráchta chomh minic sin i mbailte móra agus i gcathracha na hÉireann.

[8]

(ii) Samhlaigh go bhfuil tú i gceannas na tráchta don Mhuileann gCearr. Déan cur síos ar mhodh **AMHÁIN** a d'úsáidfeá chun an plódú tráchta a mhaolú.

[4]

**C.** Trí úsáid a bhaint as fianaise ón aerfótagraf, ainmnigh **DHÁ** cheann de na **seirbhísí** atá le fáil sa Mhuileann gCearr.

[4]

## 3. <u>LÉARSCÁIL SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS</u>

Féach ar an léarscáil suirbhéireachta Ordanáis a thugtar leis an bpáipéar seo.

**A.** Tarraing sracléarscáil den cheantar a thaispeántar ar an léarscáil S.O.
Ar an sracléarscáil, **marcáil agus ainmnigh** na gnéithe seo a leanas:

- An limistéar faoi fhoirgnimh sa Mhuileann gCearr.
- An Chanáil Ríoga (Royal Canal)
- Na hIarnróid
- Talamh Caomhnaithe an Dúlra (Nature Reserve)
- Limistéar de fhoraois bhuaircíneach


[12]

**B. Iompar**

Ainmnigh agus déan cur síos ar **THRÍ** mhodh iompair atá le feiceáil ar an léarscáil seo.
[12]

**C.** Samhlaigh go dteastaíonn uait litir a scríobh chuig cara leat thar lear, ag déanamh cur síos ar phríomh-tharraingtí turasóireachta an réigiúin, dá dtiocfadh do chara ar cuairt ann. I do litir, déan cur síos ar **DHÁ** rud tábhachtach a mheallann na turasóirí agus atá le feiceáil ar an léarscáil **nó** ar an aerfótagraf, **nó ar an dá cheann.**
[6]

**4.** **<u>MONARCHA MAR CHÓRAS</u>**




Scrúdaigh an léaráid seo, a thaispeánann conas is féidir cur síos a dhéanamh ar **mhonarcha** mar chóras-le **hionchuir, próiseis agus aschuir.**

**A.** Ainmnigh monarcha a ndearna tú stáidéar air.
Ainmnigh **DHÁ** ionchur, **DHÁ** phróiseas agus aschur **AMHÁIN** den mhonarcha.

[8]

**B.** Ag tagairt don mhonarcha atá ainmnithe agat thuas, déan cur síos ar **THRÍ** chúis ag míniú cén fáth a bhfuil sé forbartha san áit ina bhfuil sé faoi láthair.

[12]


**C.** Déan cur síos ar **DHÁ** shlí ina bhféadann monarcha damáiste a dhéanamh don timpeallacht.

[10]

5. MEASCÁN TÍREOLAÍOCH

**Freagair TRÍ CINN AR BITH de na ceisteanna : A, B, C, D.**

**A. Breoslaí Iontaiseacha agus Fuinneamh**




Scrúdaigh na pictiúir thuas, a thagraíonn do bhreoslaí iontaiseacha atá in úsáid i ndomhan an lae inniu.

(i) Mínigh go hachomair conas a fhoirmítear breoslaí iontaiseacha. [3]


(ii) Liostaigh **TRÍ** shlí ina mbaintear úsáid as breoslaí iontaiseacha sa lá atá inniu ann. [3]

(iii) Mínigh cén fáth a bhfuil sé riachtanach laghdú a dhéanamh ar mhéid na mbreoslaí iontaiseacha a dhóitear. [4]

*[Leantar le ceist 5 sa chéad leathanach eile]*

## 5. MEASCÁN TÍREOLAÍOCH ar leanúint

### B. Tábhacht an Uisce




Déan staidéar cúramach ar an léaráid seo agus freagair na ceisteanna a leanann thíos.

(i) Mínigh conas a thaispeánann an léaráid seo gur acmhuinn **inathnuaite** é an t-uisce. [4]


(ii) Mínigh conas a théann an tógáil de Dhamba Hidrileictreach i bhfeidhm ar chúrsa abhann. [4]

(iii) Ainmnigh slí **AMHÁIN** ina bhféadann gníomhaíochtaí daonna na hacmhuinní uisce a thruailliú nó a lot. [2]

***[Leantar le ceist 5 sa chéad leathanach eile]***

5. **MEASCÁN TÍREOLAÍOCH ar leanúint**

**C. Forbairt i gCathracha**




Bain úsáid as an léaráid seo chun cabhrú leat na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.

(i) Athscríobh na habairtí seo a leanas i do fhreagarleabhar agus bain úsáid as an bhfocal nó an leagan cainte ceart.

(a) Is é a ghlaotar ar thithe a thógtar timpeall ar imill chathrach ná **eastáit thionsclaíochta/ bruachbhailte.** [2]

(b) Is é a ghlaotar ar atógáil na sean-cheantar tithíochta san ionchathair ná **athfhorbairt/athnuachan.** [2]

(c) Tá méid Bhaile Átha Cliath méadaithe go mór de bharr **imirce tuaithe go huirbeach/imirce uirbeach go tuaithe.** [2]


(ii) ***"De réir mar a théann cathracha i méid, imíonn acmhuinní nádúrtha."***
Bain úsáid as an léaráid thuas agus ainmnigh **DHÁ** acmhuinn nádúrtha atá caillte nó atá faoi thionchar ag fás na cathrach. [4]

***[Leantar le ceist 5 sa chéad leathanach eile]***

5. **<u>MEASCÁN TÍREOLAÍOCH ar leanúint</u>**

**D. Léaráidí Staitistiúla sa Tíreolaíocht – Mná sa Lucht Saothair in Éirinn.**

Déan staidéar ar na píchairteacha thíos agus freagair na ceisteanna a leanann iad.




(i) Cén céatadán baineann (: de mhná) atá ina mbanaltraí in Éirinn? [2]

(ii) Mínigh **DHÁ** cheann de na difríochtaí móra idir na saghsanna post a bhíonn ag fír agus mná in Éirinn.
Tabhair samplaí ó na cairteanna chun tacú le do fhreagra. [4]

(iii) An gceapann tú go bhfuil patrún na bpost ag athrú? Mínigh do fhreagra. [4]

# Leathanach Bán